**Caingean arna tabhairt an 20 Iúil 2022 — PW v SEGS**

**(Cás T-448/22)**

(2022/C 380/21)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* PW (ionadaithe: S. Rodrigues agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh intuigthe an chosantóra dar dáta an 30 Iúil 2021 lena ndiúltaítear ríomh aisíocaíocht a speansas taistil bliantúil le haghaidh 2020 a cheartú maidir lena leanaí a neamhniú agus, a mhéid is gá, cinneadh an chosantóra dar dáta an 14 Aibreán 2022 a neamhniú, lena ndiúltaítear dá ghearán a comhdaíodh an 28 Deireadh Fómhair 2021, faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh; agus,

— a ordú don chosantóir na costais arna dtabhú ag an iarratasóir ar an achomharc seo a íoc.

## Saincheisteanna dlí arna maíomh

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(1) d'Iarscríbhinn VII de na Rialacháin Foirne agus gur sáraíodh prionsabal an dea-riaracháin.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an dualgas cúraim.

---

**Caingean arna tabhairt an 20 Iúil 2022 — Evonik Operations v an Coimisiún**

**(Cás T-449/22)**

(2022/C 380/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Evonik Operations GmbH (Essen, an Ghearmáin) (ionadaithe: J.-P. Montfort agus T. Delille, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an t-iarratas inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

— Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena leasaítear, chun é a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán agus lena gceartaítear an Rialachán sin a mhéid a thugtar isteach leis aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe le haghaidh na substainte sileanaimín, 1,1,1-trímheitil-N-(trímheitilsilil)-, táirgí hidrealaithe ina bhfuil silice; dé-ocsaíd sileacain phirigin shintéiseach éagruthach, dhromchlachóireáilte, í i nana-fhoirm ("an tSubstaint", nó "SAS-HMDS") (CAS Uimh. 68909-20-6) ("an Rialachán a chonspóidtear") [1] a neamhniú;

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc; agus

— cibé beart eile nó beart breise a ghlacadh is gá de réir ceartais.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur glacadh an Rialachán a chonspóidtear de shárú ar roinnt forálacha de Rialachán CLP ([2]), lena n-áirítear Airteagail 36, 37 agus Roinn 3.9 d'Iarscríbhinn I. Go háirithe, mhainnigh RAC a léiriú gur comhlíonadh na critéir maidir le haicmiú na Substainte mar STOT RE 2 agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh a thuairim tacú go bailí leis an aicmiú atá faoi chonspóid. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún a chinneadh go bailí ar bhonn Thuairim RAC go raibh an t-aicmiú atá faoi chonspóid iomchuí. Tríd an Rialachán a chonspóidtear a ghlacadh, sháraigh an Coimisiún Airteagal 37(5) de Rialachán CLP.

2. An dara shaincheist dlí lena n-éilítear nár chloígh RAC leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 37(4) de Rialachán CLP, rud a sháraigh na forálacha sin ar bhealaí éagsúla. Ar an gcéad dul síos, mhainnigh RAC Tuairim RAC a ghlacadh laistigh den sprioc-am 18 mí a fhorordaítear le dlí. Ar an dara dul síos, níor thug RAC deis fhoirmiúil barúil a thabhairt maidir lena thuairim do na páirtithe lena mbaineann cé go gceanglaítear é sin go sonrach le Rialachán CLP.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur mhainnigh an Coimisiún ina dhualgais faoi Airteagal 37(5), sa mhéid is nár fhíoraigh sé go leordhóthanach gur seoladh nós imeachta CLH i gceart de réir Rialachán CLP. Mar thoradh air sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a chinneadh go bailí go raibh an t-aicmiú atá faoi chonspóid iomchuí agus gur ghlac sé an Rialachán a chonspóidtear de shárú ar Airteagal 37(5) de Rialachán CLP.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún a ghealltanais faoin gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr agus prionsabal an dea-riaracháin agus an Rialachán a chonspóidtear á ghlacadh aige gan measúnú tionchair a dhéanamh agus a dhoiciméadú roimh ré.

---

([1]) IO 2022 L 129, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO 2008 L 353, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2022 — QN v EU-LISA

## (Cás T-484/22)

(2022/C 380/23)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* QN (ionadaí: H. Tagaras, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— géilleadh don iarratas;

— na gníomhartha atá faoi chonspóid a neamhniú;

— a ordú don chosantóir damáistí EUR 3 000 a íoc;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc go heisiach.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne chinneadh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) an 22 Nollaig 2021, gan ainm an iarratasóra a chur ar liosta na n-oifigeach arna n-athaicmiú go grád AD 10 i gcomhthéacs chleachtadh athaicmithe 2021, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.